Literary Tour (#5)

Peig and Tobacco Madness!

Peig smoked a pipe, and she tells this story to demonstrate just how strong her craving for tobacco became. I've cut out her set-up for this story in which she tells how there was a fellow by the name of Pádraig Breathnach who used to stop in in the evening and share stories. He often went into the mainland, and would always bring back amusing stories from Dún Chaoin, so that Peig looked forward to having him drop in most nights and share his news and funny stories.

On this occasion, she had a funny story to tell him, about herself.

Níorbh fhada a bhí sé imithe amach nuair a tháinig dúil i ngal tobac agamsa. Is dóigh liom go bhfuil mallacht ar aon duine a bhfuil dúil i dtobac ná i snaois aige, agus go mórmhór in oileán mor seo, mar ní i gcónaí a bheidh dul ag duine air, na ar a lán gréithe nach é, Bhí mo sheandúidín cré ullamh agam, is dar mo bhriathar bhí an dúidín céanna gach uile lá aoise leis an seantúr a bhí ar bharr an chnoic. Bhí rian a cheirde go maith air. Creid mé, a léitheoir, go raibh!

Bhuaileas uaim ar lic na tine é, is b'sheo liom ag cuardach cáithne tobac a chuirfinn ann, ach ní raibh aon ní ag bualadh liom. Ag méadú orm a bhí an dúil. A dhuine, níor fhágas cúinne ná poll a mbíodh taithí agam blúire a chur as mo láimh ann nár chuardaíos agus nár athchuardaíos, ach an riach blúire a bhuail liom. Ní raibh Taidhgín riamh chomh holc le gabhair an tobac is bhíos-sa i láthair na huaire sin.

Cad a dheineas ná dul mar a raibh bosca an tae go gcuirfinn gráinne de i mo dhúidín. Ach, nuair a tháinig mé ar an lic, ní raibh mo dhúidín ann romham! "A Dhia na bhFeart!" arsa mise, "cad tá orm inniu? Tá gabhair an tobac orm gan aon bhréag. Thabharfainn a bhfuil de leabhair bhreaca ag an bPápa gur bhuaileas ar an lic é, nuair a chuas ag cuardach an tobac, agus féach anois an leac chomh glan le criostal gan dúidín á siúl! Dá mbeadh aon bhrí sna mairbh go mbeidís ag magadh fúm . . . Ach cad é an chúis a bheadh acu orm? Nach raibh dúil acu féin sa tobac nuair a bhíodar mar mé?"

Ar m'fhocal, a léitheoir, go rabhas chomh cráite le scadán rósta! An tae ar mo bhois, mo cheann san aer, is mé ag imeacht ar fuaid an urláir mar bheadh fear meisce. Ach ní raibh mo dhúidín le fáil!

Seo liom amach ar an bport féachaint an mbuailfeadh aon soláthar amuigh liom. Bhreathnaíos uaim síos in íochtar na buaile. Bhí lúbaire coileáin a bhi againn ansin agus cnagarnach aige á bhaint as rud éigin a bhí aige á chogaint. Chuas chuige síos, agus cad a bheadh aige ach mo dhúidín agus é meilte aige nach mór lena fhiacla!

"Mhuise, mallacht Mhuisire ort, a bhioránaigh! más tusa atá ag baint spóirt as mo dhúidín tar éis a bhfuil dá chuardach déanta agam!"

Chuir sé cluas air féin. D'aithnigh sé go maith go raibh an bhithiúntaíocht déanta aige.

Ar filleadh dom, bhí Míchedl tagtha chun an tí, is ní baol ná go raibh gal tobac ansin agam. Is é bhíos a chuimhneamh gur mhór mar phrioc on mí-ádh mé is cos píopa chur i mo béal riamh. Ach gach son duine is a ghalar féin air, is dócha!

Bhíos suite ansin, agus néall deataigh agam á baint as an bpíopa. Cada chífinn chugam isteach ach fámaire cait a bhí againn, agus sicín le Máire, comharsa béil dorais dom, ina bhéal aige. Bhain sé geit asam, mar dheineas amach go cinte go mbeadh fearg ar Mháire chugam dá mbeadh fhios aici gurbh é mo chatsa a mharaigh an sicín. Sea liom i ndiaidh an chait is "Puisín! puisín!" agam, le súil is go gcaithfeadh sé uaidh an sicín. Bhí an píopa mór fada cailce ag rince i mo bhéal toisc nach raibh i mo bhéal ach dhá fhiacail chun greim a choimeád air. Rith liom sin a dhéanamh go dtí an doras. Ach, mo thubaiste! bhíos chomh tógtha sin suas ag an gcat go ndearna mé dearmad ar ghreim a bhreith ar an bpíopa le mo láimh. Thit sé ar lic an dorais, agus deineadh bruscar de! Nuair a chonaic Míchedl briste é, is é rud a dúirt sé: "Mhuise, thar ceann do shláinte de, a bhean bhocht!"

D'imigh an cat agus dhein sé gnó glan den sicín agus de cheann eile ina dhiaidh is mura mbeadh go ndúirt mé le Seán -- b'é siúd céile Mháire -- faire a bheith ar na sicínl aige ní fhágfadh an cat breac ceann beo acu. Ach níor éirigh leis an mbithiúnach aon cheann eile a chogaint.

Le titim na hoíche bhuail Pádraig agus a chomplacht an doras isteach.

"Dé bhur mbeatha, a mhic ó!" arsa mise.

"Go maire tú slán beo!" arsa Pádraig.

"Is dócha go bhfuil a lán scéalta nua agat tar éis an lae?"

"Mhuise, níl mórán," arsa Pádraig. "Is dócha go bhfuil scéal agat féin."

"Ar mh'anam go mbeadh scéal maith agat dá mbeifeá ag féachaint ormsa inniu!"

"Cad a bhí ort, a Pheig?" arsa Pádraig.

"Bhí gabhair an tobac, a bhuachaill, má bhí sé ar aon seanbhean riamh."

"Níl dúil mar sin agatsa ann, a Pheig," arsa Pádraig.

"Is dóigh liom nach bhfuil sí ag caitheamh éadaigh aon seanbhean eile is mó a bhfuil dúil aici ann ná mé!" Is chromas ar scéal aa phíopa a insint dóibh, agus mura bhfuaireadar sult as níor lá fós é.